AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
**COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION**

# RÁITEAS STRAITÉISE 2021 – 2024



AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Átha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

## Clár

**2** Ráiteas an Choimisinéara

**5** Comhthéacs Fhorbairt na Straitéise

**15** Fís, Misean agus Luachanna

**17** Tosaíochtaí Straitéiseacha

# RÁITEAS AN CHOIMISINÉARA





Thar cheann an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI), tá sé ina údar áthais dom ár Ráiteas Straitéise 2021 – 2024 a chur i láthair. Is é seo an séú ráiteas straitéise atá ullmhaithe ag an gCoimisiún faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

D'fhorbair an Coimisiún an straitéis seo agus pleananna suntasacha ag an Rialtas sa chúlra chun an earnáil iompair phoiblí a bhunathrú chun feabhais, mar a shamhlaítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, mar aon le tionscnaimh bhuntábhachtacha ar leibhéal Eorpach lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus neamhchinnteacht leanúnach mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus an tionchar leanúnach atá aige ar chúrsaí eacnamaíocha agus sóisialta. Thuig muid mar sin, agus an straitéis á forbairt, gurb ann do leibhéal neamhchinnteachta nach raibh taithí againn air roimhe, mar aon leis na tionscnaimh iarnróid uaillmhianacha Náisiúnta agus Eorpacha.

Is é príomhaidhm an Choimisiúin a chinntiú go bhfeidhmeofar an córas náisiúnta iarnróid, lena n-áirítear Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath agus na heagraíochtaí iarnróid sa stát faoi chórais bhainistíochta sábháilteachta éifeachtacha lena seachadtar iompair iarnróid sábháilte inbhuanaithe.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as rialáil eacnamaíoch na hearnála i leith an Stát a bheith ag comhlíonadh fhorálacha líonra iarnróid na hEorpa.

I rith shaolré na Straitéise seo, beidh ról suntasach ag an gCoimisiún lena chinntiú go bhforbrófar agus go seachadófar na tionscnaimh nua a shamhlaítear le haghaidh an iompair phoiblí sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018 – 2027 i gcomhréir le ceanglais údarúcháin náisiúnta agus Eorpacha chun a chinntiú go mbeidh cúrsaí sábháilte maidir le dearadh, cur i ngníomh agus tabhairt i mbun seirbhíse. Lena chois sin, beidh ról suntasach aige sa mhaoirseacht ar fheidhmiú sábháilte leanúnach na bhforbairtí sin as seo amach. Is príomhbhall muid de na páirtithe leasmhara náisiúnta a chaithfidh oibriú le chéile chun na torthaí atá i gceist leis an bPlean Forbartha Náisiúnta a bhaint amach.

Agus an Straitéis seo á forbairt, lorg an Coimisiún rannpháirtíocht go gníomhach ó pháirtithe leasmhara buntábhachtacha agus leanfaimid ar aghaidh le bheith ag obair le heagraíochtaí iarnróid, le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus le comhlachtaí ionadaíochta eile chun ár misean a chur chun cinn agus a bhaint amach.

Leanfaimid ar aghaidh lenár gcuid oibre chun ionadaíocht a dhéanamh thar cheann leasanna na hÉireann ar leibhéal an AE agus chun rannchuidiú le forbairt reachtaíochta iarnróid agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh na hidir-inoibritheachta atá á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid.

Tá rún daingean ag an CRI an tsábháilteacht iarnóid a thabhairt chun cinn, chomh maith le cothabháil agus forbairt bhreise chórais iarnróid ardfheidhmíochta inbhuanaithe, agus a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar ghnáthlíonra iarnróid na hÉireann in Éirinn tríd an rialáil, monatóireacht, spreagadh agus cur chun cinn.

Leagtar amach leis an Ráiteas Straitéise 2021 – 2024 seo sainordú, misean, fís, agus tosaíochtaí buntábhachtacha an Choimisiúin sa tréimhse seo. Beidh sé ina bhonn do ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus cuirfear an straitéis i ngníomh trína chláir shaothair bhliantúla a fhorbairt.

Táimid ag súil go mór le hoibriú le chéile chun na cuspóiri a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo a chur i ngníomh.

**Brian Higgisson**
Coimisinéir


L1 Tamhlacht
3002

# COMHTHÉACS FHORBAIRT NA STRAITÉISE



# Sainordú an CRI

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005.

Comhlacht beag neamhspleách Stáit is ea an CRI ina bhfuil 17 bhall foirne. Tá struchtúr eagraíochta aige a dearadh chun éascú lena shainordaithe faoi reachtaíocht a sheachadadh. Speisialtóirí teicniúla go príomha atá san fhoireann, a bhfuil eolas an-leathan ar na hearnálacha iarnróid troma agus éadroma acu. Tá ár straitéis – ó thaobh ár saineolas féin a fhás – lárnach i bhforbairt leanúnach an CRI. Cuirtear san áireamh leis freisin an riachtanas le scileanna breise a fhorbairt i réimsí na n-eacnamaíochtaí iarnróid, fhachtóirí an duine, agus measúnachta rioscaí. Sholáthair sé sin na bealaí le saineolas teicniúil, a bhaineann go sonrach leis na hiarnróid, a fhorbairt agus a mhéadú, chun freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta, cur chuige ar leanfar ar aghaidh leis i dtréimhse na straitéise seo.

Baineann na freagrachtaí atá ar an CRI faoi reachtaíocht le trí phríomhréimse shonracha, iarnród trom, iarnród éadrom, agus cáblaí-bhealaí. Le hiarnród trom, táthar ag tagairt do líonra Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus do na Gnóthais Iarnróid a fheidhmítear air. Déantar iarnród trom a rialáil le hAcht 2005 agus le reachtaíocht an AE araon. Le hiarnród éadrom, táthar ag tagairt d'iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath agus déantar é a rialáil le hAcht 2005, agus déantar cábla-bhealaí a rialáil le reachtaíocht an AE.

Tugtar forléargas ardleibhéil ar na róil éagsúla atá ag an CRI leis an méid seo a leanas.

## Gnáth-iarnród agus iarnród éadrom

### Coimisiún

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (arb é an CRI anois é) leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid Uimh 31 de 2005 (arna leasú). Tugadh trí phríomhfheidhm leis an Acht, (a) sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh, (b) an tAcht agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú, agus (c) tionóiscí agus eachtraí iarnróid a imscrúdú agus a thuairisciú chun déanamh amach conas a comhlíonadh córais bhainistíochta sábháilteachta agus targaidí sábháilteachta agus na cumhachtaí chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

I ndáil le forfheidhmiú an Achta le haghaidh an iarnróid throm, ba cheart a thabhairt ar aird go gcumhdaítear eisiúint na ndeimhnithe agus an t-údarú le suiteálacha seasta agus feithiclí a chur i mbun seirbhíse le reachtaíocht Eorpach anois (féach thíos). Le haghaidh na n-iarnród éadrom agus oidhreachta, déanann an CRI measúnú ar na córais bhainistíochta sábháilteachta, eisíonn deimhnithe sábháilteachta, agus feidhmíonn an measúnú ar oibreacha nua agus ar rothstoc nua agus glacann leo, bunaithe ar Acht 2005.

## Gnáthiarnród

### Údarás Náisiúnta Sábháilteachta

Le Rialacháin IR 476 AE (Sábháilteacht Iarnróid) 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid) agus cinntíonn an CRI mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta go gcomhlíontar an Treoir agus na Rialacháin sin, lena n-áirítear deimhniú na bainistíochta sábháilteachta agus údarú, cothabháil feithiclí, maoirseacht, agus forfheidhmiú.

Le Rialacháin IR 477 AE (Idir-Inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht Iarnróid) agus is é an CRI an t-údarás náisiúnta sábháilteachta sa Stát chun críocha na Treorach agus na Rialachán sin lena n-áirítear cur i ngníomh ceart na Sonraíochta Teicniúla d'Idir-Inoibritheacht (TSI), comhpháirteanna idir-inoibritheachta agus fochórais shoghluaiste a chur ar an margadh, údarú chun suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse, cothabháil an chláir náisiúnta feithiclí agus forfheidhmiú.

### Comhlacht deimhniúcháin d'Aonáin i gCeannas ar Chothabháil (ECM)

Le IR 476 2020, tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid) agus is fúithi sin a bunaíodh an CRI mar chomhlacht deimhniúcháin ECM.

### Comhlacht rialála

Le Rialacháin IR 249 AE (Rialáil Iarnród) 2015 (arna leasú le IR 398 2020) tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370 maidir le limistéar Eorpach aonair iarnróid, bunaíodh an CRI mar an comhlacht rialála chun críocha achomharc nó gearán a bhaineann le toilleadh bonneagair, muirir rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

### Comhlacht monatóireachta neamhspleách

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020) tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370, bunaíodh an CRI mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus an tAire faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair (IMMAC).

### Údarás ceadúnúcháin

Le IR 249 2015 (arna leasú le IR 398 2020) tugtar éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú le AE 2016/2370, bunaíodh an CRI mar an t-údarás ceadúnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus ceadúnais a eisiúint do ghnóthais iarnróid.

### Údarás inniúil

Le Rialacháin IR 399 AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) tugtar éifeacht do Threoir 2007/59/CE ón gComhairle maidir le deimhniú tiománaithe traenach a fheidhmíonn gluaisteoirí agus traenacha, bunaíodh an CRI mar an t-údarás inniúil chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus ceadúnais a eisiúint do thiománaithe traenach, agus chun ionaid oiliúna agus scrúdaithe a aithint.

Le Rialacháin IR 651 CE (Iompar Earraí Contúirteacha ar Iarnród) 2010 (arna leasú) tugtar éifeacht do Threoir 2008/68/CE ón gComhairle (arna leasú) maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha, bunaíodh an CRI mar an t-údarás inniúil chun a chinntiú go gcomhlíonfar na Rialacháin a bhaineann le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID).

### Aitheantas do Chomhlachtaí Ainmnithe (DeBo)

Le IR 651 477 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht) agus is fúithí sin a bunaíodh an CRI mar an eagraíocht atá freagracht as DeBonna a aithint sa Stát.

## Cábla-Bhealaí

### Comhlacht údarúcháin

Le Rialacháin IR 543 AE (Suiteálacha Cábla-Bhealaigh) 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaí agus bunaíodh an CRI mar an comhlacht sa Stát chun tógáil agus dul i mbun seirbhíse suiteálacha cábla-bhealaí a údarú nó modhnú na gcábla-bhealaí sin a údarú.

### Údarás faireachais margaidh

Le IR 543 de 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus bunaíodh an CRI mar an t-údarás faireachais margaidh le haghaidh córais agus comhpháirteanna cábla-bhealaí.

### Ár gcur chuige i leith ár sainordú a chomhlíonadh

Féachann an CRI le chuige rialála comhchuibhithe a ghlacadh agus é ag comhlíonadh a shainordaithe trí threoraíocht a sholáthar do na haonaid uile faoi rialáil agus trí idirghníomhú leo chun cabhrú leo na freagraíochtaí a chuirtear orthu le reachtaíocht a chomhlíonadh. Rialaítear oibriú an ghnáthlíonra iarnróid le reachtaíocht chuimsitheach mhionsonraithe ón AE, a dearadh chun margadh oscailte a chruthú chun earraí a dhíol, seirbhísí a sholáthar agus lucht oibre a bhogadh, agus ardleibhéal sábháilteachta á choinneáil ar bun. Rialaítear oibriú iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath agus líonraí iarnróid ar leithlis le reachtaíocht náisiúnta, lena léiríonn cuid díobh cur chuige an AE.

Tá rún daingean ag an CRI oibriú faoi na prionsabail atá le feidhmiú ag údaráis náisiúnta sábháilteachta faoi mar a shainmhínítear i Rialacháin an Choimisiúin. Áirítear leo siúd a bheith comhréireach agus reachtaíocht á feidhmiú agus comhlíonadh á dhaingniú; comhsheasmhach maidir lenár gcur chuige; spriocdhírithe ar réimsí rioscaí; trédhearcach faoin mbealach a fheidhmímid agus céard lenar féidir leo siúd atá faoi rialáil a bheith ag súil; a bheith cuntasach as ár gcinntí nó gníomhartha, agus ag comhoibriú le húdaráis inniúla choibhéiseacha.

Táimid tiomanta don idirchaidreamh agus dialóg oscailte le heagraíochtaí ár n-earnála, do bheith ag sainmhíniú ár bpróiseas agus rialachais go soiléir agus ag freagairt do bhuairimh reatha.

### Eagraíochtaí iarnróid atá faoi rialáil ag an CRI faoi láthair

- Bainisteoir Bonneagair – Iarnród Éireann.
- Gnóthais Iarnróid – Iarnród Éireann, NIR Translink, Rhomberg Sersa Ireland Teoranta, Railway Preservation Society of Ireland.
- Transdev agus Bonneagar Iompair Éireann i leith iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath.
- Iarnróid oidhreachta ar leithlis atá i mbun feidhme.
- Bord na Móna.

## Comhthéacs na Straitéise

### COVID-19

Toisc gurb ann do phaindéim COVID-19 ar fud an domhain, is ollmhór an tionchar atá á imirt ar shochaithe, geilleagair, oibrithe, agus na bealaí ina bhfeidhmíonn gnónna. Tá dúshláin oibríochtúla leanúnacha ann faoi láthair agus beidh ar feadh tréimhse neamhchinnte as seo amach agus gnónna ag dul in oiriúint chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh siad go sábháilte agus go soláthróidh siad timpeallacht shábháilte don phobal agus dá bhfostaithe.

Mar rialtóir, táimid tar éis foghlaim conas tascanna a chur i gcrích go cianda, agus cumarsáid dhigiteach agus uirlisí comhoibre digiteacha ár gcumasú, ach ní éasca leanúint ar aghaidh le go leor dár gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhonn cianda. Ní féidir a dhéanamh amach fós an tionchar iomlán a bheidh ag COVID-19 ar na réimsí atá faoi rialáil againn ach beidh fócas tábhachtach ar thacaíocht agus ar spreagadh chun earnáil iarnróid a thabhairt air ais a bheidh i mbun feidhme agus comhlíontach go hiomlán. Áireofar leis comhlíontacht i réimsí inar cuireadh maoluithe Eorpacha nó náisiúnta i ngníomh chun éascú le feidhmiú leanúnach na hearnála iarnróid le linn na paindéime.

## Tionscnaimh an PFN

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Phlean Náisiúnta Forbartha 2018 – 2027 tráth forbartha na Straitéise seo. Tabharfaidh an Coimisiún súil ghéar ar thoradh an athbhreithnithe sin agus ar aon tionchar féideartha le haghaidh an Ráitis Straitéise nua. Le Toradh Náisiúnta Straitéiseach 4 – an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe, sainaithnítear sócmhainní nua iarnróid atá pleanáilte i rith shaolré na straitéise seo agus straitéisí amach anseo.

Le Plean Gníomhaithe reatha an Rialtais ar son na hAeráide, lena n-áirítear fás a chruthú nach mbeidh ag brath an oiread sin ar iompar trí phleanáil níos fearr, cianobair agus obair ón mbaile agus aistriú módúlach chuig iompar poiblí agus rud a thugtar ar aird freisin is ea targaidí a shocrú chun flíteanna iompair phoiblí a thiontú ina roghanna malartacha gan carbón ar bith acu.

Baineann sé le hábhar freisin i gcomhthéacs na forbartha amach anseo san iompar iarnróid sa Stát agus tá sé ailínithe le Comhaontú Glas an AE.

## An Comhaontú Glas

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leagtar amach conas an chéad mhór-roinn a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh den Eoraip faoi 2050, rud lena gcuirfear borradh faoin ngeilleagar, lena bhfeabhsófar sláinte agus caighdeán beatha daoine, lena dtabharfar aire don dúlra, agus leis nach bhfágfar aon duine ar deireadh. Laistigh den Chomhaontú Glas, is é an eilimint straitéiseach a bhaineann leis an earnáil iarnróid "dlús a chur leis an aistriú chuig an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste".

Le straitéis Choimisiún an AE um shoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste a forbraíodh in 2020, leagtar síos an dúshraith don bhealach ar féidir le córas iompair an AE a bhunathrú glas digiteach chun feabhais a bhaint amach agus teacht chun bheith níos athléimní i leith géarchéimeanna amach anseo.

Freisin, áirítear le creat aeráide agus fuinnimh 2030 targaidí agus cuspóirí beartais ar fud an AE i gcomhair na tréimhse ó 2021 go 2030. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit Pleananna Náisiúnta comhtháite um Fhuinneamh agus Aeráid (NECPanna) a ghlacadh i gcomhair na tréimhse 2021-2030 agus straitéisí náisiúnta fadtéarmacha a fhorbairt.

Gné atá de dhlúth agus d'inneach an iompair iarnróid, níos mó ná móid iompair eile ar thalamh, is ea an éifeachtúlacht fuinnimh, agus tá sé de phoitéinseal ann, faoi seach, astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú laistigh den earnáil iompair agus, mar gheall air sin, feictear go bhfuil sé de phoitéinseal aige cur go substaintiúil le cuspóirí an Chomhaontaithe Glais.

Beidh tionchar suntasach ag an ngníomhaíocht dá thoradh sin chun na straitéisí agus na pleananna sin a fhíorú ar an earnáil iompair iarnróid in Éirinn i gcaitheamh shaolré na straitéise seo agus i réimsí eile i bhfad amach uaithi.

## Straitéis agus tionscnaimh na Roinne Iompair maidir le beartais

Tugann an CRI Ráitis Straitéise 2021-2023 na Roinne Iompair dá aire, go háirithe an cur chuige straitéiseach a shonraítear i ndáil leis an nascthacht, aeráid agus inbhuanaitheacht, sábháilteacht, slándáil agus inrochtaineacht agus rialáil éifeachtach.

Tá roinnt tionscnamh maidir le beartais agus le hinfheistíocht ar siúl faoi láthair laistigh den Roinn a rachaidh i bhfeidhm ar thodhchaí an iompair iarnróid sa Stát, agus táimid ar an eolas fúthu siúd. Áirítear leo sin an tAthbhreithniú Iarnróid Straitéiseach Uile-Éireann agus Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta 2021.

## Reachtaíocht Reatha

Mar a tugadh le fios, achtaíodh an phríomhreachtaíocht náisiúnta in 2005 leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid agus bhí feidhm aige sin maidir leis an iarnród trom agus éadrom araon. Cé gur leasaíodh é idir an dá linn, mar gheall ar Threoracha Eorpacha athmhúnlaithe go príomha, ba thráthúil go ndéanfaí athbhreithniú níos mionsonraithe ar an Acht le linn shaolré na Straitéise seo.

I ndáil le rialáil an iarnróid throm, is é reachtaíocht Eorpach is mó a stiúrann í sin, agus an 4ú Pacáiste Iarnróid curtha i ngníomh go hiomlán ó Dheireadh Fómhair 2020.

Mar chuid de sin, le trasuíomh na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid agus na Treorach maidir le hIdir-Inoibritheacht, tugadh athrú agus ceanglais nua isteach le haghaidh na n-eagraíochtaí iarnróid agus an bhainisteora iarnróid mar aon leis an CRI. Beidh sé tábhachtach don CRI oibriú leis na páirtithe leasmhara uile san earnáil chun a chinntiú go dtuigfear na ceanglais nua agus go dtabharfar isteach ar bhealach comhleanúnach iad.

Mar is féidir a fheiceáil ón gcuid den cháipéis seo maidir le Sainordú an CRI, is forleathan an raon reachtaíochta lena rialaítear an earnáil seo agus tá sí faoi réir athbhreithniú leanúnach ar leibhéal Eorpach. Eagrófar cumarsáid le páirtithe leasmhara faoi na forbairtí sin chun cur le feasacht agus chun go mbeidh siad in ann ionchur a thabhairt uathu.

## Comhoibriú le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Tá agus leanfaidh an CRI ar aghaidh le bheith ina bhall gníomhach de raon comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta iarnróid. Comhlíonaimid an ról seo ar roinnt bealaí, idir ionadaí mar Bhallstát agus bhallraíocht ghinearálta. Cuirtear an idirghníomhaíocht sin chun cinn laistigh den CRI go hinmheánach mar mhodh foghlama comhroinnte agus chun saineolas, eolas, agus inniúlacht a fhorbairt.

Rud atá ina chuid lárnach d'fhorbairtí Eorpacha ina bhfuil páirt ag an CRI, is ea Líonra na nÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta arb í an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) a bhíonn á óstáil mar aon leis an gCoiste Sábháilteachta agus Idir-Inoibritheachta Iarnróid a bhfuil an Coimisiún Eorpach ina Chathaoirleach air. Freastalaítear ar an nGrúpa Idirchaidrimh Idirnáisiúnta do Chigireachtaí Iarnróid Rialtais, a bhíonn dírithe ar an tsábháilteacht, agus ar an nGrúpa Rialála Neamhspleách don iarnród freisin, a bhíonn dírithe ar an margadh. Soláthraíonn na grúpaí deiridh sin deis idirchaidrimh do rialtóirí sábháilteachta agus margaidh iarnróid ó Bhallstáit an AE agus ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch maidir le pointí comhspéise. Bíonn an t-idirchaidreamh sin iontach tábhachtach i rith na tréimse reatha agus ról rialála an CRI ag éabhlóidiú go leanúnach.

Ar bhonn náisiúnta, féachann an CRI go gníomhach lena idirchaidreamh a choinneáil ar bun agus a fhorbairt leis na comhlachtaí gairmúla ábhartha innealtóireachta, oibriúcháin agus sábháilteachta, mar Innealtóirí Éireann agus na hInstitiúidí Innealtóireachta Meicniúla, Innealtóireachta Sibhialta, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta, Innealtóireachta Comharthaíochta Iarnróid, Oibreoirí Iarnróid, agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

I roinnt réimsí sonracha, lorg muid dlúth-idirchaidreamh trí Mheamram Tuisceana a fhorbairt le comhlachtaí eile Stáit, lena n-áirítear an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid.

# An córas iarnróid in Éirinn

## Próifíl oibriúcháin

Tráth scríofa na straitéise seo, tá paindéim dhomhanda COVID-19 ina húdar imní fós d'oibreoirí iompair agus tá géarlaghdú tagtha ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí iarnróid Iarnród Éireann agus iarnróid éadroim Bhaile Átha Cliath araon, i rith chuid mhaith de 2020 agus 2021. Dá aineoinn sin, táthar ag súil leis go dtosóidh méadú ag teacht ar an toilleadh paisinéirí de réir mar a osclaítear Éire le haghaidh gnó an athuair. In 2020 bhí líon na dturas paisinéirí a rinneadh ar líonra Iarnród Éireann 18.45 milliún síos ó 50 milliún in 2019. Ar an gcaoi chéanna, ar iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath, thit líon na dturas paisinéirí ó 48 milliún in 2019 go dtí 19.2 milliún in 2020.

Dearbhaítear leis na sonraí a bailíodh le haghaidh 2019 agus ar ar thuairiscigh an CRI ina Thuarascáil Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta de gurb ann do dhul chun cinn dearfach ar an iomlán le haghaidh na sábháilteachta iarnróid ar leibhéal náisiúnta agus AE. Tá laghdú tagtha go seasta ar thionóiscí suntasacha agus ar líon na ndaoine gortaithe dá mbarr ó 2010, agus taifeadadh na luachanna ab ísle riamh in 2019. Dá ainneoin sin, ní mór dúinn a bheith san airdeall i gcónaí agus ár ndícheall a dhéanamh go mbeifear i mbun feabhsuithe go leanúnach.

## Prófíl na Sócmhainní

Tuairiscítear i Ráiteas Líonra Iarnród Éireann 2021 go bhfuil 372 ardán ann, 144 stáisiún agus 13 tollán: thart faoi 2,400 km de raonta oibriúcháin, 4,440 droichead, 1,100 pointí críche agus 970 crosaire comhréidh, agus breis is 3,300 caidhsear agus claífort ar an líonra náisiúnta iarnróid. Áirítear sa líonra príomhlínte, bealaí fobhailte Bhaile Átha Cliath agus comaitéireachta do phaisinéirí, in éineacht le bealaí do thraenacha lastais amháin. Tá dhá bhealach ann do thraenacha lastais amháin: Droichead Átha chuig to Tara Mines agus Port Láirge chuig Belview Port, le cois trí chríochfort agus chríochfort/iosta lastais. Tá aon nasc trasteorann amháin ann leis an gcóras iarnróid i dTuaisceart Éireann idir Dún Dealgan agus Iúr Chinn Trá.

Cumraíocht Raonta na bPríomhlínte:

- Líne aonair chomh fada le 1178 km raonta.
- Líne dhúbáilte chomh fada le 886 km raonta.
- Iolrach chomh fada le 60 km raonta.

Tá córas iarnróid fhobhailte Bhaile Átha Cliath, sa limistéar ar a bhfuil Mullach Íde, Binn Éadair agus Na Clocha Liatha ar a theorainn, leictrithe ag 1,500V DC. Ritear thart faoi 53% de chiliméadair traenach le Córais Chosanta Traenach lena soláthraítear rabhadh, agus soláthraíonn 11% breise rabhadh agus rialú uathoibríoch ar stad agus luas.

Raonta dúbailte atá ar fud fhad iarnród éadrom Bhaile Átha Cliath, LUAS. Tá 20km de raonta dúbailte ar an Líne Dhearg ag rith ó Thamhlacht/Teach Sagard chuig The Point/Conghaile. Tá 32 stad ar an Líne Dhearg. Tá 22km de raonta sa Líne Ghlas a ritheann ó Gleann Bhríde chuig Droichead Broom; ar raonta dúbailte thart faoi 20km de agus ar raon aonair 2km de. Tá 35 stad ar an Líne Ghlas.

Tá trí iosta, ag An Bó Dhearg, Áth an Ghainimh agus Droichead Broom. Tá daichead tram atá 40m ar fad, fiche's a sé tramanna atá 43.6m ar fad agus seacht dtram atá 54.7m ar fad san fhlít rothstoic, ar tramanna Alstom Citadis iad ar fad. Tá Seomra Rialaithe Lárnach ag Iosta na Bó Deirge.

Lena chois sin tá naoi n-iarnród oidhreachta ann, a bhfuil deimhnithe sábháilteachta atá riachtanach le feidhmiú ag 7 gcinn díobh faoi láthair. Tá sé ina ábhar suntais go raibh ag na hiarnróid oidhreachta sin laghdú suntasach a dhéanamh ar a n-oibríocht nó scor di mar gheall ar shrianta COVID agus beidh sé ina dhúshlán dóibh tosú ar a ngníomhaíocht an athuair.

### Forbairt agus cothabháil phleanáilte ar shócmhainní

Baineann amlíne i bhfad níos faide le sócmhainní iarnróid a fhorbairt ná mar atá i gceist leis an Ráiteas Straitéise reatha, ach táthar tar éis dul chun cinn a dhéanamh anois maidir le forbairtí éagsúla dá tagraíodh sa ráiteas roimhe, sa mhéid go bhfuil siad ag an gcéim mar a bhfuil Bonneagar Iompair Éireann agus Gnóthas Iarnróid Iarnród Éireann agus Bainisteoir Bonneagair Iarnróid Éireann ag idirghníomhú leis an CRI i ndáil leis na forbairtí móra sócmhainní iarnróid seo a leanas: Metrolink, Dart Plus agus an tIonad Náisiúnta um Rialú Traenacha.

Riachtanas suntasach freisin is ea an líonra iarnróid atá ann cheana a chothabháil, agus maoinítear é sin go príomha tríd an gConradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair (IMMAC). Thug an CRI dá aire go bhfuil leithdháileadh maoiniúcháin méadaithe ag an gconradh cúig bliana is déanaí a síníodh in 2021.

## Táscairí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta

Tá sonraí agus faisnéis atá bunaithe ar fhianaise ina bpríomhionchuir sa phróiseas lena gcomhlíonann an CRI a shainordú dlíthiúil. Chuige sin, stiúraímid an próiseas le sonraí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta a bhailiú, a bhailíochtú, a anailísiú agus a scaipeadh, nithe a théann i bhfeidhm ar ár n-idirghníomhaíocht agus ar ár bhfócas freisin.

Coinníonn an CRI táscairí feidhmíochta buntábhachtacha ó thaobh na sábháilteachta faoi athbhreithniú mar mhodh le monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-eagraíochtaí iarnróid in Éirinn. Maidir leis na táscairí sin a fhoilsítear go bliantúil, leanfar ar aghaidh le súil a choinneáil orthu agus treoróidh siad idirghníomhaíocht an CRI leis an earnáil iarnróid i rith an Ráitis Straitéise seo.

Lena chois sin, soláthraímid sonraí don Ghníomhaireacht Eorpach d'Iarnróid ar bhonn bliantúil. Foilsíonn an Ghníomhaireacht staitisticí ansin maidir le feidhmíocht iarnróid ó thaobh na sábháilteachta i mBallstáit an AE. Tugtar le fios sna sonraí go bhfuil seasamh na hÉireann fabhrach i gcomparáid le Ballstáit eile den Aontas Eorpach nuair a thomhaistear na figiúir.

Lena chois sin, seolann an ERA tuarascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún lena dtuairiscítear go mion sraith Targaidí Sábháilteachta Comhchoiteanna (CSTanna) agus Luachanna Náisiúnta Tagartha (NRVanna) le haghaidh gach ballstáit. Leis an measúnú, úsáidtear sonraí Eurostat agus na Gníomhaireachta i gcomhair na mblianta 2015-2019 le haghaidh na 26 mBallstát den AE ag a bhfuil córas iarnróid. Níor léiríodh aon mheath ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta in Éirinn le torthaí na measúnuithe sin.

Tugann an CRI dá aire freisin, agus comhairleoidh na heagraíochtaí náisiúnta iarnróid, maidir le forbairt reatha an Chomh-Mhodha Sábháilteachta maidir le Measúnú ar Leibhéal Sábháilteachta agus ar Fheidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta (CSM ASLP) i leith oibreoirí iarnróid ar leibhéal Náisiúnta agus an Aontais, rud a thiocfaidh chun bheith, sna blianta amach anseo, ina phríomhbhonn don mheasúnú ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de ag an ERA.

I gcaitheamh shaolré an Ráitis Straitéise seo, tabharfaidh an CRI, sa bhreis ar ár ngnáthchláir iniúchóireachta agus chigireachta, aird ar leith ar réimsí rioscaí bunaithe ar ár n-eolas ar threochtaí san fheidhmiú ó thaobh na sábháilteachta. Áireofar leo siúd:

### Sábháilteacht na n-oibrithe ar na rianta

Inniúlacht oibrithe atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de agus cumarsáid atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de le linn a bheith ar an líne nó in aice léi. Beidh béim as an nua ar shábháilteacht na n-oibrithe ar na rianta i gclár saothair an CRI agus áireofar ann réimeas cigireachta lena n-áireofar gníomhaíochtaí maoirseachta pleanáilte agus neamhphleanáilte.

Díreofar fócas freisin ar na deiseanna a thagann le teicneolaíochtaí nua, cosúil le réitigh ó thaobh na hinnealtóireachta de, le linn comhráite le heagraíochtaí iarnróid.

### Sábháilteacht ag crosairí comhréidhe

Coinníonn an Bainisteoir Bonneagair air lena ról stiúrtha maidir le bheith ag dul i ngleic le rioscaí ó thaobh na sábháilteachta de ag crosairí comhréidhe, agus coinneoidh an CRI air lena thacaíocht iomlán a thabhairt don ról sin. Chun feabhsuithe a chinntiú a thuilleadh maidir le sábháilteacht ó thaobh crosairí comhréidhe de, oibreoidh an CRI le páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus údaráis áitiúla.

### Conraitheoirí a bhainistiú

Le gníomhaíochtaí rialála, sainaithníodh roinnt údar imní i ndáil leo siúd a dhéanann gníomhaíochtaí cothabhála iarnróid. Rud a bhaineann go mór le hábhar is ea na saincheisteanna maidir le feasacht conraitheoirí ar dhualgais agus ar riachtanais, cumarsáid atá criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de, bainistíocht agus rialú éifeachtach (i gcás ina bhfostaítear conraitheoirí iomadúla) agus inniúlacht oibrithe atá fruilithe.

### Rialú a dhearbhú & rioscaí a bhainistiú

Coinneoidh an CRI súil ghéar ar Eagraíochtaí Iarnróid lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais dhlíthiúla faoi Rialacháin Eorpacha agus faoi dhlíthe náisiúnta, go mbeidh córais shásúla i bhfeidhm ag eagraíochtaí iarnróid chun na rioscaí a bhaineann lena gcuid oibríochtaí a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.

## Rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn

Le réimsí arbh fhiú aire a thabhairt orthu, áirítear bainistíocht athruithe agus formhaoirseacht eagraíochtaí iarnróid ar oibreacha tríú páirtí a théann i bhfeidhm ar oibríochtaí sábháilte. Coinneoimid ar aigne freisin rioscaí nua atá ag eascairt as fachtóirí an duine is a bhaineann leis an uathoibriú agus leis an iarnród digiteach agus cinntí á ndéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí maoirseachta a dtabharfar fúthu i gcaitheamh shaolré an Ráitis Straitéise seo.

Tá méadú ag teacht ar líon na dtarlúintí agus na dtuairiscí faoi iompar míshóisialta ar an líonra iarnróid trom agus éadroim. Is féidir leo dul i bhfeidhm ar shábháilteacht phaisinéirí agus na foirne go díreach le cois éifeacht níos leithne ar a thoilteanaí is a bhíonn daoine iompar poiblí iarnróid a úsáid. Oibreoidh an CRI leis na páirtithe leasmhara ar fad san earnáil chun tionscnaimh chuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an mbuaireamh seo, atá ag dul i méad.

Le fíordhéanaí, bhí páirtithe ag idirghníomhú leis an CRI ar spéis leo iarnród veileo a fhorbairt in Éirinn. Is éard a bhíonn i gceist le hiarnród veileo caráistí troitheán-chumhachtaithe a rith ar líne iarnróid dhúnta agus bheadh sé faoi réir rialála faoi RSA 2005 agus beidh sé ina réimse nua idirghníomhaíochta.

## Anailís ar rialáil eacnamaíochta

Ba é 2020 an chéad bhliain ag an IMMAC nua. Tá critéir feidhmíochta laistigh den chonradh nua athraithe agus áirítear leo trí chatagóir ar leithligh anois, mar atá, táscairí conartha, táscairí feidhmíochta agus príomhtháscairí feidhmíochta.

Leis na tuarascálacha chuig an Aire Iompair, leanfar ar aghaidh leis an raon níos leithne sin de tháscáirí feidhmíochta, atá laistigh den chonradh nua, a léiriú. Beidh géarscrúdú á dhéanamh go leanúnach ar leibhéil ábharthachta agus tairsí na dtáscairí freisin.

I gcomhar leis an gconradh nua, tá an CRI tar éis fócas a acmhainne a mhéadú i ndáil leis an IMMAC nua agus le Ráiteas Líonra BB-IÉ agus leanfar leis sin i dtimthriall trí bliana an Ráitis seo.

## Comhairliúchán

Feiceann an CRI gá soiléir le haghaidh idirghníomhaíocht leanúnach le páirtithe leasmhara chun cur chuige comhtháite a chur chun cinn, agus chun tacú le cur chuige dá leithéid i leith an córas iarnróid a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, mar rannchuiditheoir buntábhachtach do líonra iompair sábháilte inbhuanaithe ar thalamh.

Mar chuid d'fhorbairt a Ráitis Straitéise agus ar aon dul leis an gCód Cleachtais um Rialachas Corparáideach ar Chomhlachtaí Stáit, lorg an CRI aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i ndáil lena Straitéis nua. Fuarthas trí aighneacht ó Bhainisteoir Bonneagair IÉ, Transdev agus an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid. Rinneadh machnamh ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid de phróiseas forbartha na straitéise. Ba mhaith leis an CRI a bhuíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí a rinne na haighneachtaí sin.

# FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA



## Fís

Iarnróid shábháilte inbhuanaithe lena soláthraítear iompar éifeachtúil áisiúil don tsochaí.

## Misean

Tá rún daingean ag an CRI an tsábháilteacht iarnóid a thabhairt chun cinn, trí rialáil éifeachtach, agus trí feabhsú leanúnach na bainistíochta sábháilteachta ag eagraíochtaí iarnróid a chothú agus a spreagadh. Tacaíonn sé le rannpháirtíocht gach páirtí leasmhair i bhforbairt bhreise earnáil iarnróid na hÉireann ionas gur mód iompair sábháilte éifeachtúil a bheidh inti a rachaidh chun tairbhe dár sochaí.

## Luachanna

**Ionracas**
Tá misneach morálta againn, táimid macánta agus stuama inár gcur chuige.

**Meas**
Tá meas againn ar a chéile agus ar ár bpáirtithe leasmhara.

**Neamhspleáchas**
Tá ár gcinnteoireacht trédhearcach agus saor ó chlaonadh agus ó thionchar.

**Sármhaitheas**
Táimid dícheallach, gairmiúil agus déanimid ár ndícheall go mbeifear i mbun feabhsuithe go leanúnach.

# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA



## Tosaíocht: Sábháilteacht iarnróid

Feabhsú leanúnach na feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta ag eagraíochtaí iarnróid a rialáil agus a chur chun cinn.

### Cuspóirí buntábhachtacha

- Deimhniú agus Údarú éifeachtach agus éifeachtúil maidir le bonneagar, rothstoc agus córais bhainistíochta sábhailteachta nua chun a chinntiú go gcomhlíonfar reachtaíocht agus caighdeáin ábhartha.
- Maoirseacht atá bunaithe ar rioscaí a chur i ngníomh maidir le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta, lena n-áirítear bainistíocht rioscaí, ag eagraíochtaí iarnróid, gníomhaíochtaí riachtanacha a stiúradh agus i gcás inar gá comhlíonadh reachtaíochta agus caighdeán ábhartha a fhorfheidhmiú.
- Straitéis agus pleananna maoirseachta a fhorbairt chun feabhas a chur go leanúnach ar ár maoirseacht bunaithe ar riosca ar pháirtithe leasmhara.
- Caidrimh oibre éifeachtacha a choinneáil ar bun chun tionscnaimh sábháilteachta a spreagadh agus a chur chun cinn le páirtithe leasmhara.
- Úsáid gach saineolas dá bhfuil ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua maidir le measúnú agus bainistíocht riosca ag eagraíochtaí iarnróid.
- Feasacht ar rioscaí nua ó thaobh na sábháilteachta de agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn a choinneáil ar bun chun a dtionchar féideartha a chinneadh.

## Tosaíocht: Rialáil iarnróid

Rialáil agus monatóireacht éifeachtach ar an mBainisteoir Bonneagair i ndáil lena mhaoiniú agus a chaiteachas maidir le bainistíocht sócmhainní agus rochtain ar an líonra.

### Cuspóirí buntábhachtacha

- Monatóireacht a dhéanamh ar mar a chloíonn an Bainisteoir Bonneagair leis na príomhtháscairí feidhmíochta laistigh den Chonradh Ilbhliantúil Bainisteoirí Bonneagair (IMMAC).
- An clár formhaoirseachta, a bhaineann lenár ról mar Mhonatóir Neamhspleách, a bhreisiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Líonra chun a chinntiú go n-éascaíonn sé le rochtain oscailte chothrom ar an líonra iarnróid.
- Tuairisciú tráthúil don Aire maidir le feidhmiú an IMMAC.
- Athbhreithniú agus uasdátú ar phríomhtháscairí feidhmíochta laistigh den chonradh ionas go léireofar leo tairbhe na hinfheistíochta sa líonra go leordhóthanach.

## Tosaíocht: Tacaíocht don rialtas

Tacú le tionscnaimh bheartais iompair phoiblí an rialtais, a dhírítear ar riachtanais na sochaí trí chinntiú go gcuirfear i ngníomh go sábháilte iad trí rialáil éifeachtach éifeachtúil.

### Cuspóirí buntábhachtacha

- Idirghníomhú leis an Roinn Iompair, dul i bhfeidhm orthu agus comhairle a thabhairt dóibh i ndáil le gnéithe sábháilteachta chóras iompair iarnróid na hÉireann.
- Idighníomhú go luath leo siúd a bhíonn freagrach as fochórais nua bhuntábhachtacha d'iarnród éadrom agus trom a sheachadadh, ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu ar riachtanais sábháilteachta.
- Forbairt shábháilte an líonra bunaithe ar chinntí bheartais an Rialtais.
- Oibriú leis an Roinn Iompair chun tacú le trasuíomh na dTreoracha Eorpacha agus idirghníomhú leo maidir le cúrsaí ó thaobh an dlí a shoiléiriú.

## Tosaíocht: Cumarsáid le páirtithe leasmhara

Feasacht agus tuiscint a chur chun cinn maidir le rioscaí atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn agus maidir le forbairtí ó thaobh na reachtaíochta agus na treoraíochta iarnróid náisiúnta agus Eorpaí de.

### Cuspóirí buntábhachtacha

- Feasacht a ardú ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar reachtaíocht nua lena gcomhdhéantar an creat rialála iarnróid a dhéanann difear dóibh.
- Oibriú le gach príomh-pháirtí leasmhar chun sábháilteacht agus dea-chleachtas san earnáil iarnróid a chur chun cinn.
- Idirghníomhaíocht éifeachtach leis na páirtithe leasmhara maidir le treoraíocht nua nó uasdátaithe chun a chinntiú go dtuigfear agus go gcuirfear chun feidhme i gceart é.
- Tacú le caighdeáin iarnróid na hÉireann agus le Rialacha Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt agus a chur i ngníomh.
- Páirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feasacht ar leasanna na hÉireann a mhéadú agus chun ionadaíocht a dhéanamh orthu.

## Tosaíocht: Ár n-eagraíocht

Bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta a sheachadann cáilíocht agus luach sa mhéid a dhéanaimid.

### Cuspóirí buntábhachtacha

- An Coimisiún a bhainistiú ar aon dul le ceanglais maidir le rialachas corparáideach agus cinntiú go mbíonn leordhóthain acmhainní ag an gCoimisiún.
- Folláine agus forbairt na foirne a chinntiú trí idirghníomhaíocht agus trí thacaíocht.
- Feidhmeanna agus tascanna an Choimisiúin a fheidhmiú de réir na gcaighdeán is airde go seasta.
- Gach seirbhís a sheachadadh go héifeachtach éifeachtúil trí fheabhsú leanúnach ar ár bpróisis ghnó agus ar ár n-úsáid teicneolaíochta, in éineacht le Córas Bainistíochta Cáilíochta a chur i ngníomh.


60
XT 103
03 22334

Tá an CRR buíoch de Neil Dinnen agus de Micheal Owens as ucht a
gcead a thabhairt a n-íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo



Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Átha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie

CRR
AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION